# Ráiteas Straitéise

# 2018–2020

CCPC

Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Competition and Consumer Protection Commission

# Ráiteas Straitéise 2018-2020

Is comhlacht reachtúil neamhspleách sinn atá freagrach as an dlí um iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.

Is é an fhís atá againn margaí oscailte iomaíocha a bheith ann mar a bhfuil tomhaltóirí cosanta agus a mbíonn gnólachtaí in iomaíocht ghníomhach le chéile.

# Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | 1 |
| Mar gheall ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 4 |
| Fís, Misean agus Luachanna | 6 |
| Spriocanna Straitéiseacha | 7 |
| Torthaí Straitéiseacha | 12 |
| Acmhainní Riachtanacha | 14 |
| Athbhreithniú Straitéise 2015–2017 | 17 |
| Aguisíní | 23 |



# Réamhrá an Chathaoirligh

Tá lúcháir orm an dara Ráiteas Straitéise de chuid an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) a chur i láthair, atá forbartha tar éis rannpháirtíochta fhada fhairsinge ár bhfoirne agus i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara. Leagann an Ráiteas Straitéise seo amach conas atáimid, mar eagraíocht, ag dul a imirt tionchar ar mhargaí agus bheith ag obair i dtreo ár misin.

Is toradh iad ár spriocanna straitéiseacha ar thrí bliana de rath agus d'fhoghlaim. Tá struchtúir eagraíochtúla nua tógtha againn, tá líon suntasach ball foirne nua oilte agus earcaithe againn agus tá córais, próisis agus nósanna imeachta nua forbartha againn. Táimid forbartha in eagraíocht ag a bhfuil misean soiléir agus luachanna láidre. Táimid ag tógáil cuntas teiste láidir agus ag úsáid na taithí sin le múnlaí a chruthú don bhealach is féidir linn tabhairt faoi shaincheisteanna sa mhargadh amach anseo.

Tá sainchúram leathan ag an CICT, a mbíonn dá bharr éilimh iomaíocha ar ár n-acmhainní agus gá le tosaíochtaí a dhéanamh inár gcuid oibre i rith an ama Is é an príomhdhúshlán atá againn a shocrú cén rud a ndíreoimid air agus cad iad na tosaíochtaí is cóir an méid is mó acmhainní a thabhairt dóibh.

Leagann an Ráiteas Straitéise seo amach go soiléir conas a fhreagróimid ar an dúshlán sin. Díreoimid ar na hearnálacha agus na hiompraíochtaí laistigh dár sainchúram a léiríonn an fhianaise a bheith ar na cinn is mó dochar don iomaíocht agus do leas tomhaltóirí. Teastóidh aird i gcónaí ar ghnéithe earnála, iompraíochtaí gnó agus ábhair imní maidir le hiomaíocht a imríonn tionchar diúltach ar ghrúpaí móra tomhaltóirí nó a chuireann margadh faoi leith as riocht, bíodh an aird sin ón CICT nó ó chomhlachtaí eile. Nuair a fheicimid go bhfuil an réiteach ar shaincheisteanna faoi leith ag comhlachtaí eile féachfaimid go gníomhach le bheith ag obair go dlúth leo agus tacaíocht a fháil dár dtuairimí.

Le linn thréimhse an Ráitis Straitéise seo, beidh tionchar suntasach ag Breatimeacht ar an dtimpeallacht ina bhfuilimid ag feidhmiú. Cé gur fíor nach léir fós fíorchruth Brexit, rud is léir is ea, nuair a chuimhnítear ar na dlúthchaidrimh thrádála atá ann idir Éire agus an RA, go mbeidh tionchair ann don ghnó, do thomhaltóirí agus don Rialtas.

Deimhneoimid go gcruthóimid an cumas le plé leis na saincheisteanna seo de réir mar a thagann siad chun cinn Comhoibríonn an Coimisiún Eorpach, in éineacht leis na húdaráis náisiúnta éagsúla lena n-áirítear an CICT, leis an dlí um iomaíocht a fhorfheidhmiú agus le cearta tomhaltóirí, ag leibhéal náisiúnta agus trasteorann araon, a dheimhniú. Tá an comhoibriú seo chun tairbhe do thomhaltóirí, gnólachtaí agus geilleagar na hEorpa ina n-iomláine.

Is iomaí sin bealach a mbíonn an CICT rannpháirteach, idir a bheith ag déanamh ionadaíochta thar ceann na hÉireann i meithleacha oibre agus ag comhroinnt eolas nó foghlaim ábhartha agus ag glacadh páirte i gcomhghníomh forfheidhmithe agus ag gníomhú ar iarratais ó chomhlachtaí eile maidir le gníomhartha lucht trádála bunaithe in Éirinn. Mar bhall den AE, chomh maith le tairbhe a bhaint as mórlíonra acmhainní, tá roinnt oibleagáidí agus dualgas orainn agus tá sé tábhachtach go gcuirimid ar fáil acmhainní dóthanacha le tacú leis an obair seo.

Faoi láthair, tá obair ar siúl ag leibhéal an AE chun athbhreithniú agus athrú a dhéanamh ar na creatlacha reachtacha ina bhfuilimid ag feidhmiú. Beidh tionchar an-suntasach ag na forbairtí seo ar ár gcuid oibre agus tabharfaidh siad orainn oiriúnú as seo go ceann trí bliana. Tá sé molta ag an gCoimisiún Eorpach gur chóir do Bhallstáit glacadh le bearta reachtacha chun tabhairt faoi dhifríochtaí cumhachtaí údarás iomaíochta náisiúnta.Cuireann moladh an Choimsiúin Eorpaigh, ar a dtugtar "Treoir GEI+" molta, ráthaíochtaí agus caighdeáin íosta chun údaráis iomaíochta naisiúnta a chumasú le dlí iomaíochta an AE a chur i bhfeidhm ar bhealach níos feidhmiúla agus níos éifeachtúla. Anuas air sin, tabharfaidh moltaí le Treoir um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (CCT) an AE a fheabhsú riachtanais margaidh aonair atá ag éirí níos digitigh ar údaráis náisiúnta acmhainní breise a chur ar fáil chun comhordú agus idirghníomhú le húdaráis cosanta tomhaltóirí trasna na hEorpa a mheádú. Táimid ag dúil le hobair go dlúth lenár Máthair-roinn le cinntiú go gcuirtear an dá fhorbairt i bhfeidhm ar bhealach a dtiocfaidh a oiread tionchair agus is féidir ar thomhaltóirí in Éirinn.

I bhforbairt an Ráitis Straitéise seo tuairimí ár mball foirne agus ár bpáirtithe leasmhara ríthábhach.

I measc an dara grúpa sin tá tomhaltóirí, gnólachtaí, grúpaí ionadaíocha gnó, rialtóirí, grúpaí ionadaíocha tomhaltóirí, lucht dlí, gníomhaireachtaí forfheidhmithe agus Rialtas. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le buíochas a ghabháil leo siúd go léir a thug a gcuid ama, tuairimí agus saineolais sa phróiseas comhairliúcháin, agus buíochas ar leith a thabhairt don Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta as a n-ionchur luachmhar le linn thréimhse na straitéise deireanaí againn.

Tá tuairimí ár mball foirne, a chuirfidh an Straitéis seo i gcrích, le feiceáil ar fud an doiciméid seo. Chomh maith le hionchur luachmhar a thabhairt, chaith dearcadh páirtithe leasmhara seachtracha solas freisin ar roinnt deiseanna don CICT sna trí bliana seo romhainn, lena n-áirítear, ní nach mbeag, conas is féidir linn a bheith ag obair leo le comhaidhmeanna a bhaint amach.

Tá mé muiníneach gur thug an taithí atá faighte againn le trí bliana anuas an saineolas, na scileanna agus an tiomantas dúinn le hobair shoiléir, éifeachtach a chur i gcrích a rachaidh chun tairbhe do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí.tá an comhoibriú seo chun tairbhe do thomhaltóirí agus gnólachtaí in Éirinn agus don gheilleagar trí chéile. Agus táim ag súil le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe ar fad ag cur i gcrích ar na deiseanna agus na dúshláin atá romhainn.

Isolde Goggin
Cathaoirleach

# Mar gheall ar an CICT

Is  comhlacht reachtúil neamhspleách an CICT a bhfuil sainordú aige dlí iomaíochta agus dlí um chosaint tomhaltóirí a fheidhmiú in Éirinn.  Bunaíodh an CICT ar 31 Deireadh Fómhair 2014 agus is í an fhís atá againn ná margaí oscailte agus iomaíoch a bheith ann ina bhfuil cosaint ar thomhaltóirí agus iad cumasaithe agus ina mbíonn gnóthaí in iomaíocht go gníomhach.  Leagtar amach ár rólanna agus ár bhfeidhmeanna ar na leathanaigh seo a leanas.

# Forfheidhmiú

- Forfheidhmímid dlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa in Éirinn. Déanaimid fiosruithe agus is féidir linn gníomh forfheidhmithe sibhialta nó coiriúil a dhéanamh má thagaimid ar shárú ar dhlí iomaíochta.
- Forfheidhmímid réimse leathan reachtaíochta le haghaidh cosaint tomhaltóirí.Tá réimse uirlisí forfheidhmithe le dul i ngleic le cleachtais ghnó neamhdhleathacha trádálaithe.
- Caithfear a chur in iúl dúinn aon chumas, éadáil agus táthcheangail a bhaineann amach tairseach áirithe airgeadais, agus gach cumas sna meáin. Measaimid cé acu is dócha nó nach dócha go mbeidh laghdú substainteach iomaíochta ann.
- Deimhnímid go gcloítear le caighdeáin sábhailteachta táirge tríd an Treoir Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí agus rialacháin eile a bhaineann go sainiúil leis an earnáil. Ina theannta sin déanaimid eolas ar earraí contúirteacha agus bearta forfheidhmithe a chomhroinnt ar fud an AE tríd an gcóras RAPEX.


# Cur in Iúl

- Tugaimid comhairle don Rialtas agus imrímid tionchar ar pholasaí maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht mholta ar iomaíocht agus/nó leas tomhaltóirí.
- Déanaimid tomhaltóirí a chumasú trí eolas a thabhairt dóibh faoina gcearta trínár gcabhairlíne agus suíomh gréasáin. Reáchtálaimid feachtais feasachta poiblí freisin.
- Féachaimid le cultúr a chur chun cinn a chothaíonn comhlíonadh gnó trína chur in iúl do ghnólachtaí conas cloí leis an dlí.
- Tá ról sainiúil againn faoi reachtaíocht le heolas airgeadais pearsanta agus oideachas a chur ar fáil do thomhaltóirí.


# Cosaint & Rialáil

- Táimid freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialúchán um Earraí Grósaeireachta, gearáin a fhiosrú agus, nuair is oiriúnach, gníomh forfheidhmithe a dhéanamh
- Roinnimid freagracht as áiseanna creidmheasa a fhógairt leis an mBanc Ceannais agus tá freagracht shainiúil orainn as idirghabhálaithe a cheapadh agus as Clár na nIdirghabhálaithe Creidmheasa a choinneáil.
- Déanaimid measúnú ar iarratais ó pháirtithe is mian leo a bheith ina n-aonan Réitithe Malartaigh Diospóidí (RMD) Féachann RMD le le diospóidí a réiteach idir tomhaltóirí agus luc.ht trádála lasmuigh den chúirt.

# Ár bhFís, Misean agus Luachanna



# Ár Spriocanna Straitéiseacha






# Sprioc Straitéiseach 1

## Úsáidfimid ár gcumhachtaí straitéiseacha le comhlíonadh dlí iomaíochta agus cosanta a mhéadú, ag déanamh gníomhartha forfheidhmithe nuair is oiriúnach.

- Chun an sprioc seo a bhaint amach déanfaimid seo a leanas:
- Sáruithe féideartha an dlí a aimsiú agus a fhiosrú agus gníomhartha oiriúnacha maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú a dhéanamh.
- Gach toradh a bhaineann le comhlíonadh agus forfheidhmiú a fhógairt le feasacht ar an dlí a ardú agus leis an gcumhacht díspreagtha a bhaineann le gníomhartha a dhéantar a m.héadú
- Clár gníomhaíochtaí comhlíonta a fhorbairt dírithe ar ghnó a bhfuil d'aidhm aige eolas a mhéadú ar dhlí iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí.
- A bheith ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí forfheidhmithe lena n-áirítear An Garda Síochána, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus na Coimisinéirí Ioncaim agus custaim.
- An bealach a n-oibrímid a fheabhsú go leanúnach i bhfianaise ceachtanna a foghlaimíodh ó gach gníomhaíocht forfheidhmithe.
- Tiomantas a bheith againn d'imeachtaí trédhearcachta agus comhlíonta, ag cur ar fáil eolas ar reachtaíocht, ag míniú an bhunúis lenár gcinntí agus roimh fhoilsiúcigireachtaí réamhghníomhacha.
- Eolas agus treoirlínte a fhoilsiú le gearáin a spreagadh, a bheidh mar chúis le gníomhartha forfheidhmithe féideartha.
- Ár nósanna imeachta fiosraithe agus forfheidhmithe a mheasúnú go leanúnach lena chinntiú go bhfuil comhlíonadh leanúnach ann leis an gcleachtas is fearr agus le riachtanais dlí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le príobháideachas, cosaint sonraí agus na cearta ar chosaint.




# Sprioc Straitéiseach 2

## Cuirfimid ar chumas tomhaltóirí le cuidiú leo cinntí eolasacha a dhéanamh.

Chun an sprioc seo a bhaint amach déanfaimid seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú ár n-eolais agus ár gclár, ag coinneáil bord ar bhord le hathruithe teicneolaíochta agus mhargaidh.
- An tábhacht le hoideachas airgeadais a chur chun cinn, trínár gclár féin agus trí bheith ag comhoibriú le páirtithe leasmhara sa réimse seo, ag caitheamh solais le chéile ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas airgeadais le haghaidh leas tomhaltóirí.
- Na cainéil agus na modhanna is éifeachtaí a úsaid le húsáid ár n-acmhainní eolais tomhaltóirí a chur chun cinn agus a mhéadú.
- A bheith ag obair le páirtithe leasmhara lena chinnte go bhfuil eolas a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí comhsheasmhach agus go mbíonn comhordú oiriúnach ann ann le comharthaíocht seirbhísí a fheabhsú
- A chinntiú go léiríonn ár n-imeachtaí agus cláir riachtanais agus eispéiris tomhaltóirí trí thaighde margaidh, eacnamaíocht iompraíochta, measúnú ar scála dochair fhéideartha agus aithint saincheisteanna éiritheacha a úsáid.
- A bheith ag obair le tomhaltóirí le sancheisteanna margaidh a imríonn tionchar orthu a thuiscint, ag tabhairt eolas inghníomhaithe dóibh ionas gur féidir leo a gcumhacht cheannaigh a úáid agus/nó a gcearta a chur i bhfeidhm.

# Sprioc Straitéiseach 3

## Oibreoimid le dul i bhfeidhm ar dhíospóireacht phoiblí agus forbairt polasaí, ag cur chun cinn iomaíoichta agus ag aibhsiú leasanna tomhaltóirí.

Chun an sprioc seo a bhaint amach déanfaimid seo a leanas:

- Úsáidfimid go réamhghníomhach ár n-eolas agus ár dtaithí ar mhargaí le haghaidh eolas a thabhairt le haighaidh ár nidirghníomhaíochtaí le Rialtas, ionadaithe poiblí agus an earnáil phoiblí.

- Tosaíochtaí abhcóideachdta a chinneadh bunaithe ar mheasúnú fianaise-bhunaithe fachtóirí lena n-áirítear dochar tomhaltóirí, ábhair imní a bhaineann le hiomaíocht agus forbairtí margaidh.

- A bheith ag obair le páirtithe leasmhara ag forbairt seasaimh abhcóideachta agus deiseanna a aithint le haghaidh chomhthacaíocht agus comhoibriú.

- Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna tomhaltóirí trínár rannphháirtíocht i ngrúpaí, fóraim agus líonraí ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- A bheith ag obair le tionchar a imirt ar fhorbairtí san iomaíocht agus dlí agus polasaí cosanta in Éirinn agus ar leibhéal Eorpach araon.




# Sprioc Straitéiseach 4

## Tacóimid le huaillmhian ár bhfoirne le tionchar an CICT a uasmhéadú agus cuidiú lenár ndaoine a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Chun an sprioc seo a bhaint amach déanfaimid seo a leanas:

- A chinntiú go dtacaítear lenár mball foirne ag cur i gcrích a gcuspóirí trínár seirbhísí, polasaithe agus nósanna imeachta corparáideacha a fheabhsú go leanúnach
- A chinntiú gur féidir lenár mbaill foirne scileanna agus saineolas nua a fhorbairt ina róil trí bheith páirteach i dtionscadail nuálacha agus éifeachtacha agus baill foirne a spreagadh le deiseanna a lorg ar fud na heagraíochta de réir riachtanais ghnó.
- Ár gClár Forbartha Eagraíochta a chur i gcrích, ag cur i bhfeidhm moltaí ó fhoirne inmheánacha.
- Comhairliúchán a dhéanamh go rialta le baill foirne lenár mbealaí oibre agus comhroinnt eolais a fheabhsú.
- Infheistiú i bhfoghlaim agus forbairt dár bhfoireann go léir agus tionscnaimh chuimsitheacha foghlama agus forbartha a chur ar fáil, lena n-áirítear oiliúint cheannaireachta agus forbartha.
- Deiseanna a chruthú do bhaill foirne a n-eolas a fheabhsú ar fhorbairtí margaidh atá ag teacht chun cinn
- Caidrimh a fhorbairt le gníomhaireachtaí iomaíochta agus cosanta tomhaltóirí le heolas agus taithí a mhalartú

# Torthaí Straitéiseacha

Le chéile, féachaimid le hobair éifeachtach a dhéanamh.

Déanfar pleananna oibre sainiúla bliantúla a fhorbairt a shonraíonn conas a bhainfimid ár Spriocanna Straitéiseacha amach. Is iad na torthaí a bhfuiltear ag tnúth leo ón Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm ná:

- Torthaí forfheidhmithe éifeachtacha a thugann faoi dhochar agus a ghníomhaíonn mar dhíspreagadh
- Leibhéil ardaithe agus infheictheacht rannpháirtíochta dírí le gnólachtaí le comhlíonadh a bhaint amach
- Clár tionsnamh comhlíonta gnó a chur i gcrích go rathúil, a mbeidh mar thoradh orthu níos mó tuisceana ar réimsí ábhartha den dlí agus úsáid eolais treoraigh
- Méadú i bhfeasacht ar an CICT agus na dlithe a fhorfheidhmímid i measc ár bpáirtithe leasmhara go léir, lena n-áirítear tomhaltóirí, grúpaí ionadaíochta gnó, rialtóirí, lucht reachtaíochta agus cleachtóirí dlí
- Méaduithe tomhaiste i leibhéil eolais tomhaltóirí maidir lena gcearta tomhaltóra
- Úsáid níos mó gach cainéil, seirbhíse agus cláir dírithe ar thomhaltóirí agus feabhsú leanúnach i mbearta sástachta tomhaltóirí
- Caidrimh fehabhsaithe le páirtithe leasmhara agus fianaise ar chomhchuir chuige rathúla maidir le saincheisteanna i margaí
- Seasaimh shofheicthe agus fianaise-bhunaithe a ghlactar le tabhairt faoi iomaíocht agus ábhair imní a bhaineann le cosaint tomhaltóirí
- Leibhéil fheabhsaithe rannpháirtíochta agus spreagadh stáit
- Treochtaí dearfacha maidir le coinneáil foirne
- Cumas feabhsaithe foirne a chruthú le tabhairt faoi shaincheisteanna in achar gairid ama
- Feabhsuithe déanta ar ár bpróisis agus ár modhanna oibre de thoradh ar ár gClár Forbartha Eagraíochta

# Acmhainní Riachtanacha

Dúshlán leanúnach i rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo is ea a chinntiú go bhfuil na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá lenár sainchúram reachtúil a chomhlíonadh ar fáil.

Le trí bliana anuas tá próifíl foirne na heagraíochta athraithe go mór. Ag an am ar bunaíodh an CICT bhí 23 ról fholmhacha ann. Sna chéad trí bliana dó líon an CICT 69 bpost, cuid acu a bhí ina róil nua agus cuid eile ar bhain aislíonadh folúntas iarmhartach leo. Bhí an chéim earcaíochtachta seo an-dian ar acmhainní don eagraíocht go léir. Bhíomar buíoch don Roinn Gnó, Fionraíochta agus Nuálaíochta as a dtacaíocht agus sinn ag dul trí thréimhse mhór earcaíochta. Cruthaíonn an Chreatlach um Bainistíocht Straitéiseach Achmhainní a bhaineann leis an earnáil phoiblí, an chothromaíocht cheart idir rialú agus solúbthacht, ag ligean dúinn, nuair is gá, róil a athshannú le tacaíocht na Roinne agus laistigh dár mórbhuiséad pá. Mar eagraíocht nach mór oiriúnú d'fhorbairtí sa gheilleagar, tá an tsolúbthacht seo ríthábhacht mar féadann sé a chur ar ár gcumas dúinn earcaíochta dhéanamh le haghaidh scileanna faoi leith.

Cé go bhfuilimid anois ag bogadh i dtreo líon iomlán, tá an gá ann fós le tuilleadh earcaíochta agus i measc na saincheisteanna acmhainní a bhaineann leis an Ráiteas Straitéise tá:

- Tá 32% dár bhfoireann san eagraíocht nó i ról nua le níos lú ná 12 mhí. Cruthaíonn sé seo riachtanais mhóra le haghaidh ionduchtú, bainistiú promhaidh agus oiliúna agus forbartha. Ina theannta sin tá gá le cumas a thógáil trí thaithí.
- An gá le méaduithe san obair agus castacht ár gcuid oibre mar gheall ar, mar shampla, margaí nua digiteacha, dlí cosanta sonraí, saincheisteanna tomhaltóirí a éiríonn níos casta agus fiosruithe leanúnacha i bpríomhearnálacha an gheilleagair.
- D'fhéadfadh an t-am roimh Brexit agus an tréimhse tar éis imeacht an AE ón AE cur lenár n-ualach oibre i réimsí áirithe. Sa chéim reatha seo táimid ag tnúth le níos mó rannpháirtíochta le Coimisiún AE agus eagrais sa RA. D'fhéadfadh riachtanas a bheith ann le haghaidh comhaontuithe déthaobhacha le húdaráis sa RA a éileoidh bainistíocht agus comhordú leanúnach.
- Nuair a chuirfear i bhfeidhm iad beidh impleachtaí acmhainní ag tograí reatha an AE maidir le ECN+ agus Comhoibriú le haghaidh Cosaint Tomhaltóirí feabhsaithe (CCT) odn CICT. Measfaimid na himpleachtaí seo ar bhonn leanúnach de réir mar a fhorbróidh na tograí.
- Tástálfar ár gcumas baill foirne ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil mar tá ráchairt mhór san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon ar an tacar scileanna a éilíonn an CICT. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil roinnt fostóirí san earnáil phríobháideach in ann tuarastail agus coinníollacha níos tarraingtí a thairiscint, cruthaíonn seo tuilleadh dúshlán maidir le hearcaíocht.

- Tá gá le hinfheistiú i gcláir oiliúna ar fud na heagraíochta lena chinntiú go bhfuil an saineolas riachtanach ag fostaithe nua agus reathale bheith freagrach ina réimsí faoi leith. Ar scála eagraíochta níos leithne beidh forbairt cultúir foghlama ríthábhachtach le tacú leis an CICT le bheith ag feabhsú go leanúnach cleachtas agus próiseas ionas go mbeidh siad i gcónaí oiriúnach le haghaidh feidhme.

Éileoidh na dúshláin seo orainn a bheith ag athbhreithniú go leanúnach ár n-acmhainní inmheánacha lena chinntiú gur féidir linn cur i gcrích de réir riachtanais reatha agus nua agus a dhearbhú cad é atá réadúil agus inbhainte amach. Tá sé ríthábhachtach dúinn daoine a bhfuil an saineolas riachtanach acu a mhealladh agus a choinneáil lenár dtorthaí straitéiseacha a chur i gcrích. I ith thréimhse na Straitéise seo táimid h ag tnúth le bheith ag obair leis an Roinn Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta laistigh den Chreatlach Bainistíochta Acmhainní Straitéisí le plean luchta saothair nua a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas don CICT le leanúint ar aghaidh ag soláthar torthaí.

# Athbhreithniú Straitéise 2015 -2017

Bhí na chéad trí bliana torthúil don CICT. Píosa suntasach reachtaíochta a bhí san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014, a bhí mar chúis le bunú an CICT. Ó Dheireadh Fómhair 2014 i leith tá dul chun cinn mór déanta againn, ag cruthú agus ag cur acmhainní ar fáil le haghaidh eagraíocht nua, ag forbairt aschuir cháilíochta shuntasacha agus dár n-ullmhú féin le feabhsú sna blianta le teacht.

Nuair a bunaíodh an CICT bhí 23 fholúntas foirne ann, arbh ionann é agus 22%. Bhí an riachtanas tabhairt faoi chlár earcaíochta suntasach lárnach le sinn a chumasú cur i gcrích de réir ár gCuspóirí Straitéiseacha ráite. Le trí bliana anuas tá dul chun cinn suntasach déanta againn ag líonadh folúntas agus ag measúnú riachtanais ag baill foirne nua agus reatha le haghaidh oiliúna agus scileanna ionas gur féidir linn oiriúnú mar fhreagairt ar bhuanathrú i margaí tomhaltóirí. Thar thréimhse ár gcéad Ráiteas Straitéise chonaiceamar fás rábach sa gheilleagar comhroinnte, agus treochta i dtreo múnlaí gnó mar a bhfuil na hidirghabhálacha neamhairgeadaíoch agus, ina áit sin, bunaithe ar luach shonraí an tomhaltóra. D'éiligh seo ar an CICT, mar eagraíochtaí eile, coinneáil bord ar bhord le freagrachtaí agus tionchar ar athruithe mar seo ar ár gcuid oibre a mheas.Tréimhse athraithe ab ea an cúlra lenár gcéad Straitéis. Mhúnlaigh reachtaíocht nua, leibhéil shuntasacha earcaíochta agus comhoibriú méadaitheach leis an gCoimisiún Eorpach agus ár gcomhghleacaithe Eorpacha cuid mhór dár gcuid oibre.

Leag an CICT amach inár gcead Ráiteas Straitéise ceithre Sprioc Straitéiseach a bhaineann le cur i bhfeidhm, abhcóideacht/feasacht an phobail, eolas do thomhaltóirí agus ár n-eagraíocht a thógáil. Tá sonraí fheidhmíocht an CICT de réir gach sprice cuspóirí agus na KIPanna tacaíochta leagtha amach in Aguisín 2.

## Sprioc Straitéiseach 1:

### Úsáidfimid ár gcumhachtaí forfheidhmithe agus rialaithe le margaí a chur ag obair níos fearr agus na torthaí is fearr a bhaint amach do thomhaltóirí.

- Fuaireamar an chéad chiontú as camaistaíl tairiscintí in Éirinn.
- De thoradh ar ionchúiseamh a bhí ann tar éis ceann dár bhfiosruithe bhí an chéad phianbhreith do thrádálaí a thug eolas bréagach do thomhaltóir faoi mhíleáiste cairr.
- Tugadh pianbhreith sé mhí ar fionraí do thrádálaí eile agus ordú cúitimh €5,000 maidir le gníomhaíocht mhíthreorach chomhchosúil.
- D'osclaíomar fiosrú as ár stuaim féin i gcomharthaíocht phraghsanna i margadh an árachais carranna.
- D'osclaíomar fiosrú as ár stuaim féin ag breathnú ar chleachtais in earnáil an ticeádaithe.
- Mheasamar 209 bhfógra cumais agus rinneamar 221 chinneadh.
- Ghlacamar páirt i ngníomh comhordaithe le roinnt Údarás Náisiúnta Iomaíochta leis na hábhair imní a aithnítear in earnáil na ngníomhairí taistil a leigheas, ag cinntiú gealltanais cheangailteacha ó phríomhghníomhaire taistil ar líne na hEorpa, Booking.com
- Fuaireamar gealltanais cheangailteacha ó roinnt comhlachtaí ionadaíocha gnó le stop a chur le cleachtais frith-iomaíochta.
- D'eisíomar treoracha do lucht trádála maidir le díolachán foluainchlár.
- D'eisíomar 44 bhFógra Comhlíonta agus 91 Fhógra Íocaíocht Shocraithe.
- D'oibríomar leis na Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim le stop a chur leis na mílte táirge teacht isteach sa mhargadh Éireannach.

## Sprioc Straitéiseach 2:

### Leanfaimid ar aghaidh ag cur chun cinn bhuntáistí na hiomaíochta agus na cosanta tomhaltóirí trínár ngníomhaíochtaí abhcóideachta agus feasachta poiblí.

- Rinneamar staidéar ar Mhargadh Morgáistí na hÉireann, ag tarraingt airde ar roghanna leis an iomaíocht a fheabhsú.
- Thosaíomar staidéar le saincheisteanna a fhiosrú san earnáil dramhaíola, tar éis dúinn monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an earnáil maidir le conarthaí tomhaltóirí agus saincheisteanna iomaíochta.
- D'fhoilsíomar staidéar ar dhochar tomhaltóirí ag meas an leibhéil dochar do thomhaltóirí in Éirinn.
- Thosaíomar staidéar ar an margadh airgeadais carranna PCP.
- Thosaíomar tionscadal le tacar treoirlínte a fhorbairt do sholáthraithe seirbhísí cúraim do dhaoine níos sine agus do chustaiméirí na seirbhísí sin.
- Rinneamar abhcóideacht thar ceann tomhaltóirí maidir le hathchóiriú molta ar sheirbhísí dlí.
- Leanamar ag obair leis an Roinn Iompair leis an iomaíocht a fheabhsú san earnáil spóirt in Éirinn.

## Sprioc Straitéiseach 3:

### Cuirfimid ar chumas tomhaltóirí cinntí feasacha a dhéanamh agus a gcearta a chur i bhfeidhm.

- Chuireamar i gcrích naoi mórfheachtas feasachta poiblí san iomlán.
- Reáchtálamar a lán feachtas ag cur in iúl do thomhaltóirí faoi na rioscaí a bhaineann le carranna ina bhfuil an t-odaiméadar curtha siad nó a bhí i dtimpiste.
- D'fhorbraíomar uirlisí ar leith ar líne le cuidiú le tomhaltóirí a morgáiste a mheas agus na coigiltis a d'fhéadfaí a dhéanamh ach soláthraí morgáiste a athrú.
- Bhí os cionn 4.5 cuairt ar ár suíomhanna gréasáin.
- Phléamar le os cionn 127,000 glaoch, ríomhphost nó litir ó thomhaltóirí nó lucht trádála.
- Chuireamar ar fáil 126 chaint ar Scileanna Airgid don Saol, ag baint amach 7,513 thomhaltóir ar fud na tíre.
- D'fhorbraíomar Money Matters, gearrchúrsa ar airgeadas pearsanta atá anois curtha amach mar chuid den tSraith Shóisialta.
- Choinníomar comparáidí táirgí airgeadais ar ár suíomh gréasáin, ag cinntiú go ndéantar iniúchadh agus nuashonrú ar os cionn 500 táirge go rialta.

## Sprioc Straitéiseach 4:

### Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt mar eagraíocht ag tnúth leis na caighdeáin is airde i ngach rud a dhéanaimid.

- Líonamar 69 ról trí earcaíocht oscailte, lena n-áirítear earcaíocht ar leith le haghaidh iniúchóirí oilte teacht isteach inár bhfoirne fiosruithe a bhfuil taithí acu.
- D'fhorbraíomar Straitéis Forbartha Eagraíochta (FE) agus thosaíomar Clár FE.
- D'athbhreithníomar ár struchtúir le scileanna agus saineolas a uasmhéadú.
- Bhunaíomar feidhm um Oiliúint Dlí & Forbairt.
- Chuireamar i láthair 27 Seimineár Inmheánacha, ag leathnú eolas na foirne ar obair ar fud na heagraíochta.
- D'fhreastail ár mball foirne iniúchta Oiliúint Agallaimh le An Garda Síochána.
- Chuireamar i láthair 26 chúrsa oiliúna go hinmheánach i raon leathan réimsí agus scileanna.
- D'fhorbraíomar Cairt Seirbhíse nua, ag cur síos ar ár dtiomantas d'úsáideoirí seirbhíse

Leag an chéad Ráiteas Straitéise de chuid CICT amach conas a thógfadh an CICT dúshraith na heagraíochta nua agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh le comhlíonadh a sainchúraim straitéise. Cé go raibh a lán dúshlán againn agus a lán athruithe sna trí bliana seo caite, táimid tar éis na scileanna, struchtúir, cleachtais oibre agus prótacail forfheidhmithe a fhorbairt atá riachtanach leis an uaillmhian a leagadh amach don eagraíocht a bhaint amach.

# Aguisíní

# Aguisín 1: Comhairliúchán Seachtrach

Ba mhaith leis an CICT buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas a rinne aighneachtaí scríofa nó a bhuail leis an bhfoireann tionscadal le linn fhorbairt an Ráitis Straitéise seo.

Bhí na barúlacha agus na tuairimí a léiríodh lárnach d'fhorbairt an doiciméid seo agus táimid ag tnúth le bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara sna trí bliana seo romhainn ag obair i dtreo ár gcomhspriocanna a bhaint amach.

| | |
|---|---|
| A&L Goodbody | Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais |
| Association of Compliance Officers in Ireland | Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann |
| Banking and Payments Federation Ireland | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| An tOllamh Stephen Calkins | Dlí-Chumann na hÉireann |
| Banc Ceannais na hÉireann | McCann FitzGerald |
| Chambers Ireland | Jackie O'Connell |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais | CMEGDC |
| Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann | Comhlachas na nGnólachtaí Beaga |
| An Roinn Airgeadais | Cumann Thionscal Mótar na hÉireann |
| Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí | European Consumer Centre Ireland |

# Aguisín 2: Feidhmíocht le hais Príomhtháscairí Feidhmíochta an Ráitis Straitéise roimhe seo

| Cur síos | Scála tomhais | Torthaí ardleibhéil dheireadh Mheán Fómhair 2017 |
|---|---|---|
| **Sprioc straitéise 1**<br><br>Úsáidfimid ár gcumhachtaí forfheidhmithe agus rialacháin le margaí a chur ag obair níos fearr agus leis na torthaí is fearr a fháil do thomhaltóirí. | • Gníomhaíochtaí forfheidhmithe a tógadh/spriocanna a baineadh amach<br>• Gníomhaíochtaí seachtracha – cuardaigh, iniúchtaí<br>• Fiosrúcháin a osclaíodh agus a cuireadh i gcrích<br>• Cloí le dea-chleachtas i gcásbhainistiú<br>• Dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar chumasc<br>• Iarratais rialála/tuairisceáin a próiseáladh | **Ciontuithe**<br>• Aston Carpets & Flooring: fíneáil €10,000 as bheith páirteach i gcamastaíl thairiscintí maidir le conarthaí urlár a fháil. (2017)*<br>• Brendan Smith: pianbhreith ar fionraí 3 mhí, fíneáil €7,500 agus dícháilithe ó bheith gníomhach mar stiúrthóir comhlachta ar feadh tréimhse 5 bliana. (2017)*<br>• Jonathan McSherry: tréimhse phríosúnachta 3 mhí mar gheall ar eolas bréagach a thabhairt do thomhaltóir maidir le míleáiste cairr. (2017)<br>• Timmy Keane: pianbhreith ar fionraí 6 mhí, agus ordú cúitimh €5,000 mar gheall ar eolas bréagach a thabhairt maidir le stair feithicle roimh ré (2016)<br><br>**Comhaontuithe /Gealltanais/Tiomantas**<br>• Marcin Okurowski & Martin's Garage, An tAonach, Co Thiobraid Árann (2017)<br>• Comhlachas Úinéirí Réadmhaoine na hÉireann (2017)<br>• Treoraithe Turais Faofa na hÉireann (2016)<br>• Relay Software Limited agus cúig soláthraí árachas gluaisteáin (2016)<br>• Booking.com (2015)<br>• Iontaobhas Ghlas Naíon (2015) |

| | | |
|---|---|---|
| | | • McCormack Car Sales, Sligeach (2015)<br><br>**Fógraí um Chomhlíonadh**<br><br>• 44 mar a sonraíodh sna Liostaí Chosanta Tomhaltóirí againn<br>**Fógraí um íocaíocht shocraithe**<br><br>• 91 eisithe mar a sonraíodh sna Liostaí Chosanta Tomhaltóirí againn<br><br>**Treoruithe do Thrádálaithe faoi na Comhphobail Eorpacha (Trealamh Leictreach Íseal)**<br><br>• 6 maidir le díolachán Hoverboards (2015)<br><br>**Fiosrúcháin a fógraíodh atá dúnta anois gan gníomh forfheidhmiúcháin**<br><br>• Fiosrúchán na heitlíochta<br>• Stuaic-scéim EmGoldex<br>• Fiosrúchán Volkswagen (tabhair le fios go bhfuil an CICT fós páirteach ag leibhéal na hEorpa)<br><br>**Fiosrúcháin fhorfheidhmiúcháin iomaíochta beo – de réir earnála**<br><br>• Ticéadú (osclaíodh go luath i 2017)<br>• Árachas gluaisteáin (osclaíodh ag deireadh 2016)<br>• Soláthar seirbhísí taistil atá maoinithe go poiblí (2016)<br>• Stroighin i mála (osclaíodh 2015)<br><br>**Gníomhaíocht cumaisc**<br><br>• 208 fógra cumaisc faighte<br>• 221 cinneadh déanta<br>• 7 de na coimitmintí riachtanacha thuasluaite<br><br>* Tabhair do d'aire: tá achomharc á |

| | | |
|---|---|---|
| | | dhéanamh ag an DPP ar bhreitheanna faoi láthair. |
| **Sprioc Straitéise 2**<br><br>Cuirimid na buntáistí a bhaineann le comórtas agus cosaint tomhaltóirí trí na gníomhaíochtaí abhcóideachta agus feasacht an phobail againn. | • Tionscadail bunaithe ar thaighde cáilíochtúil lena n-áirítear eolas suirbhé agus ár n-eagraíocht<br><br>• Freagraí ó chomhairliúchán foirmeálta agus moltaí a foilsíodh<br><br>• Rannpháirtíocht ar ghrúpa oibre | **Taighde**<br><br>• Tuairisc ar Léargas agus Iompar Tomhaltóirí: Gearáin (2017)<br><br>• Iompraíocht maidir le hAthrú Morgáistí (2017)<br><br>• Iompraíocht maidir le Athrú Tomhaltóirí (2016)<br><br>• Iompraíocht maidir le Siopadóireacht Ar Líne (2016)<br><br>• Iompraíocht Tomhaltóirí agus Gluaisteáin á gCeannach (2016) |

| | | |
|---|---|---|
| | • Ionadaíocht páirtithe leasmhara<br>• Staidéar aire de réir mar a iarrtar<br>• Tionscadail bunaithe ar thaighde margaidh cainníochtúil<br>• Ráitis phoiblí ar cheisteanna polasaí<br>• Abhcóideacht ar son ceart iomaíochta agus tomhaltóirí | • Sealbhaíocht & Athrú Morgáistí (2016)<br>• Buiséadú, Ioncam & Caiteachas (2015)<br>• Iompraíocht maidir le Athrú Tomhaltóirí (2015)<br>• Iompraíocht maidir le Siopadóireacht Ar Líne (2015)<br>• Idirbhearta Gan Tadhall agus Baincéireacht Mhóibíleach (2015)<br>• Iompraíocht Tomhaltóirí maidir le hÁrachas (2015)<br>• Feasacht agus Iompraíocht maidir le Sábháilteacht Bréagán (2015)<br>• Staidéar maidir le Díobháil Tomhaltóirí (2015)<br><br>**Staidéir ar Mhargaí**<br>• Staidéar PCP Study (leanúnach)<br>• Staidéar Diomailte (cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2017)<br>• Páipéar maidir le Roghanna Morgáiste (críochnaithe i 2017)<br>**Príomhthéamaí/príomhearnálacha abhcóideachta**<br>• Fadhbanna ag éirí amach as conarthaí pá de réir ualaithe<br>• An moladh caidhp phraghais maidir le morgáistí ar an ráta athraitheach caighdeánach<br>• Conarthaí maidir le seirbhísí cúraim cónaithe do sheandaoine a chur ar fáil<br>• Méadú ar phraghsanna agus fadhbanna iomaíochta in earnáil árachais gluaisteán phríobháidigh.<br>• Leasú ar sheirbhísí dlí<br>• Iomaíocht in Earnáil Chalafort na hÉireann<br>• Cearta cómhargántaíochta do lucht |

| | | |
|---|---|---|
| | | féinfhostaíochta<br><br>**Ballraíocht i mbun líonraí/ionadaíocht ar chomhlachtaí**<br>• Grúpa Oibre Cumaisc de chuid Údarás Iomaíochta na hEorpa<br>• An Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht<br>• An Gréasán Eorpach Iomaíochta<br>• An Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí<br>• An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE)<br>• Coiste Comhair Um Chosaint Tomhaltóirí an AE<br>• Údarás Rialála um Sheirbhísí Dlí |
| **Sprioc Straitéise 3**<br><br>Tabharfaidh muid cumhacht agus ullmhóidh muid tomhaltóirí chun rogha stuama a dhéanamh agus a gcearta a dheimhniú. | • Cuairteanna ar an suíomh gréasáin agus rannpháirtíocht cuairteoirí<br>• Tionscnaimh maidir le feasacht an phobail<br>• Líne chabhrach teagmhálacha tomhaltóirí<br>• Líon síntiúsóirí nuachtlitreach<br>• Eagraíochtaí/grúpaí a rinneadh teagmháil leo maidir le cláir oideachais airgeadais | **Trácht shuíomh gréasáin & staitisticí ar líne**<br>• Cuairteanna chuig consumerhelp.ie a fhad le Meitheamh 2017: 4,088,366. Tabhair do d'aire faoi – rinneadh an suíomh gréasáin a chónascadh go ccpc.ie i mí Meithimh 2017<br>• Cuairteanna chuig ccpc.ie: 450,968 (Meitheamh – Meán Fómhair 2017)<br>• Tá na gnéithe seo a leanas againn ón 30ú Meán Fómhair:<br>  ○ 536 táirge beo ar shuíomh comparáide táirgí airgeadais ccpc.ie againn<br>  ○ 30,050 leantóir ar Facebook<br>  ○ 2,438 leantóir ar Twitter<br>  ○ 302 ceangal ar LinkedIn<br>  ○ 15,610 síntiúsóir nuachtlitreach<br><br>**Feachtais thábhachtacha le heolas an phobail a mhéadú**<br>• Morgáistí a athrú |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Ceannach Ar Líne<br>• Earraí Lochtacha<br>• Iasachtaí Pearsanta<br>• Sábháilteacht Bréagán<br>• Dearbháin Bhronntanais<br>• Dul i ngleic le fiacha cártaí creidmheasa<br>• Gluaisteán a cheannach<br>• Gluaisteán nua a mhaoiniú<br><br>**Scairteanna/litreacha/r-phoist ó thomhaltóirí agus trádálaithe**<br>• 332,589<br>**Tionscadail oideachais airgeadais**<br>• 126 caint Scileanna Airgid don Saol dírithe ar 7,513 fostaí ar fud na tíre<br>• 27,491 íoslódáil den aip Whatsupmum ina bhfuil eolas praiticiúil ar bhainistiú airgid curtha ar fáil ag CICT.<br>• Gearrchúrsa ar airgeadas pearsanta don tsraith shóisearach, Money Matters, forbartha agus curtha i bhfeidhm. |
| **Sprioc Straitéise 4**<br>Leanaimid le forbairt mar eagraíocht atá bunaithe ar thorthaí a dhíríonn ar na caighdeáin is airde a bhaint amach i ngach rud a dhéanaimid. | • Tionscadail thrasfheidhme<br>• Cláir um Fheabhsú Leanúnach<br>• Struchtúir chumarsáide inmheánacha éifeachtúla<br>• Tuarascálacha iniúchóra curtha i gcrích agus bainistiú gníomhach déanta ar rioscaí gnó<br>• Cláir éifeachtúla oiliúna agus | • Líonamar 69 post trí earcaíocht oscailte<br>• D'fhorbraíomar Straitéis Forbartha Eagraíochta (FE) agus chuireamar tús le clár FE<br>• D'earcaíomar taighdeoirí le bheith mar chuid dár bhfoirne fiosrúcháin a bhfuil go leor taithí acu<br>• Rinne muid athbhreithniú ar ár struchtúir le scileanna agus saineolas a uasmhéadú<br>• Bhunaíomar feidhm le haghaidh Oiliúint & Forbairt Dlí<br>• Thugamar ár bhfoirne go léir le chéile faoi dhíon amháin i ndiaidh do bhunú an CICT<br>• Thugamar 27 Seimineár Inmheánach, ag leathnú eolas na bhfoirne ar obair trasna na heagraíochta<br>• D'fhorbraíomar Treoirlínte inmheánacha Soláthair nua |

| | | |
|---|---|---|
| | forbartha curtha i bhfeidhm<br><br>• Bainistiú feidhmíochta curtha i bhfeidhm go gníomhach agus go cothrom<br><br>• Soláthar éifeachtúil, tionscadail ó thaobh coigiltis costais agus luach ar airgead de<br><br>• Cosaint sonraí, eitic in oifig phoiblí, nósanna imeachta airgeadais | • D'fhorbraíomar luachanna nua eagraíochta trí phróiseas a bhí dírithe ar fhoireann<br>• D'fhreastail ár bhfoireann fiosrúcháin ar Oiliúint Agallaimh leis An Gara Síochána<br>• Bhain muid úsáid as ár líonra idirnáisiúnta (CCT, GEI, LII) chun cuidiú lenár bhfoireann taithí oibre agus foghlaim idirnáisiúnta a fhorbairt<br>• Chuireamar 26 cúrsa oiliúna inmheánach ar fáil thar éagsúlacht leathan réimsí agus scileanna<br>• D'fhorbraíomar nósanna imeachta nua airgeadais<br>• D'fhorbraíomar Cairt Seirbhíse nua, a léiríonn ár dtiomantas d'úsáideoirí seirbhíse<br>• Thugamar isteach nósanna imeachta nua ionduchtaithe agus oiliúna |

# Aguisín 3: Cearta Daonna & Comhionannas

Cruthaíonn an tAcht um Choimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais na hÉireann 2014 oibleagáidí áirithe do chomhlachtaí poiblí maidir le cearta daonna agus saincheisteanna comhionannais. Cruthaíonn an tAcht 'Dualgas Earnála Poiblí', is é sin aird a bheith acu ar an ngá le deireadh a chur le leithcheal, comhionannas deiseanna agus déileála agus cearta daonna baill foirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

In ullmhúchán an Ráitis Straitéise seo rinneadh réamh-mheasúnú leis na saincheisteanna a bhaineann le cearta daonna agus comhionannas a aithint a mbíonn baint ag CICT leo nó acu linn. Tá na cearta daonna atá liostaithe sa tábla thíos leathan d'aonturas; tá sé tábhachtach sinn a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir agus nach mbeimid ar nós cuma linn faoi aon saincheist sa réamh-mheasúnú seo, fiú mura bhfuil baint indíreach idir an tsaincheist agus ár gcuid oibre. Cinntíonn sé seo go mbímid i gcónaí airdeallach ar an tionchar a bhíonn ag an eagraíocht ar ár ndaoine agus ar na daoine a dtugaimid seirbhísí dóibh.Tá an CICT airdeallach freisin ar ár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht na nAchtanna Fostaíochta 1998-2015, Achtanna um Stádas Comhionann 2000-2015 agus Acht Míchumais 2005.

| Mar sholáthraí seirbhíse | As an employer |
|---|---|
| Dínit dhaonna | Dínit dhaonna |
| Oideachas | Cosc ar sclábhaíocht agus obair éigeantais |
| Neamh-leithcheal | Cosaint sonraí pearsanta |
| Triail chothrom | Saoirse tionóil agus comhlachais |
| Dea-riarachán | Oideachas |
| Rochtain ar sheirbhísí a bhfuil baint ghinearálta acu leis an eacnamaíocht | Saoirse gairm a roghnú agus ceart a bheith páirteach in obair |
| Meas ar shaol príobháideach agus teaghlaigh | Neamh-leithcheal |
| Saoirse agus slándáil duine | Comhionannas idir mná agus fir |
| Comhionannas idir mná agus fir | Ceart an oibrí ar eolas agus comhairliúchán laistigh den fhiontar |
| Saoirse gnólacht a threorú | Cómhargáil agus comhghníomh |
| Cosaint sonraí pearsanta | Cosaint i gcás dífhostú gan údar |

| | |
|---|---|
| Cosaint tomhaltóirí | Coinníollacha oibre cothroma agus córacha |
| **Mar sholáthraí seirbhíse** | **Mar fhostóir** |
| Rochtain ar dhoiciméid | Coinníollacha oibre sábháilte agus sláintiúla |
| Gan aon phionós gan dlí | Fostaíocht den chaighdeán is airde sláinte fhisiciúil agus mheabhrach |
| Cosaint sláinte | Saoirse smaoinimh, choinsiasa agus chreidimh |
| | Saol teaghlaigh agus gairmiúil |

Breithníodh na ceartha seo thuas i bhforbairt ár Spriocanna Straitéiseacha agus na straitéisí a úsáidfimid le hiad a bhaint amach lena chinntiú nach sáraíonn aon ghníomh a dhéanfaimid ar na cearta sin. Tá roinnt polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha ag an CICT a bhfuil tionchar ag na cearta agus na hoibleagáidí thuas faoi reachtaíocht lena n-áirítear polasaithe acmhainní daonna a chinntíonn dínit ag an obair, neamh-leithcheal agus coinníollacha oibre sábháilte, agus nósanna imeachta a bhaineann leis an bpróiseas fiosruithe agus iompar fhostaithe CICT le linn na bhfiosruithe sin.

De réir ár n-oibleagáidí faoi Acht Choimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais na hÉireann 2014 go bhfuilimid go hiomlán tiomanta do mheasúnú mionsonrach ar na saincheisteanna ceart daonna agus comhionannais thuas atá bainteach leis an CICT i rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Táimid tiomanta athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna oibre, polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha trí lionsa ceart daonna agus comhionannais.